*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

Le hordú an 6 Meán Fómhair 2022 dhíbh an Chúirt Bhreithiúnas (Ochtú Dlísheomra) an t-achomharc toisc é a bheith gan bhunús go follasach agus d'ordaigh sí do na hachomharcóirí a gcostais féin a íoc.

---

**Achomharc arna thabhairt an 4 Márta 2022 ag Plataforma de Trabajador@s Temporales del Ayuntamiento de Zaragoza (PTTAZ) i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (Ochtú Dlísheomra) a tugadh an 27 Eanáir 2022 i gCás T-736/21, PTTAZ v an Coimisiún**

**(Cás C-195/22 P)**

(2022/C 408/34)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Plataforma de Trabajador@s Temporales del Ayuntamiento de Zaragoza (PTTAZ) (ionadaí: B. González González, abogado)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

Le hordú an 6 Meán Fómhair 2022 dhíbh an Chúirt Bhreithiúnas (Ochtú Dlísheomra) an t-achomharc toisc é a bheith gan bhunús go follasach agus d'ordaigh sí don achomharcóir a chostais féin a íoc.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Berlin (an Ghearmáin) a taisceadh an 16 Meitheamh 2022 – VT, UR v Conny GmbH**

**(Cás C-400/22)**

(2022/C 408/35)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Berlin

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóirí:* VT, UR

*Cosantóir:* Conny GmbH

**An cheist a tharchuirtear**

An mbeadh sé ar comhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 8(2) de Threoir 2011/83/AE ([1]) dá ndéanfaí foráil den dlí náisiúnta (sa chás seo, an dara abairt d'Alt 312j(3), agus Alt 312j(4) de BGB, sa leagan a raibh feidhm aige idir an 13 Meitheamh 2014 agus an 27 Bealtaine 2022) a léirmhíniú ionas go ndéanfaí lena raon feidhme, mar a dhéantar leis an dara fomhír d'Airteagal 8(2) de Threoir 2011/83/AE, cás a chlúdach, ar cás é nach bhfuil an tomhaltóir faoi cheangal gan choinníoll an trádálaí a íoc ag an bpointe a thugtar an conradh i gcrích trí mheáin leictreonacha, ach má chomhlíontar coinníollacha áirithe eile – mar shampla, i gcás go n-éiríonn le caingean a raibh an trádálaí faoi threoracha í a thabhairt ina dhiaidh sin, agus sa chás sin amháin, nó i gcás ina dtugtar fógra foirmiúil do thriú páirtí ina dhiaidh sin?

---

([1]) Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, lch. 64).